Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH

# 2008

# AN SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE CHUMARSÁIDEACH

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na focheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo.
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

**Roinn 1** **Cluastuiscint (90 marc)**
**Roinn 2** **Léamhthuiscint (30 marc)**
**Roinn 3** **Scríobh na Teanga (30 marc)**
**Roinn 4** **Taighde (50 marc)**


| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | 30 |
| 2 | 20 |
| 3 | 40 |
| 4 | 15 |
| 5 | 15 |
| 6 | 15 |
| 7 | 15 |
| Taighde | 50 |
| IOMLÁN | 200 |


# 200 marc = 6 Chreidiúint

# Roinn 1 – **Cluastuiscint** [90 marc]


***(30 )*CEIST 1** Éist leis an taifeadadh agus cuir **A, B, C** *nó* **D** sa bhosca cuí **(30 marc)**

**Píosa a hAon:** *Beidh cluiche cispheile ar siúl i halla na scoile ar a ceathair a chlog.*
*Beidh Scoil Áine agus Scoil Bhríde ag imirt.*


**A**



**B**



**C**


**D**


Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? | B | **10 marc**

**Píosa a Dó:** *Seo í réamhaisnéis na haimsire.*
*Beidh an lá amárach fliuch.*
*Beidh sé ag cur báistí an lá ar fad.*


**A**



**B**



**C**



**D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? | C | **10 marc**


**Píosa a Trí:** *Chuaigh Tomás agus Seán go dtí an phictiúrlann inné.*
*Chonaic siad an scannán Ocean's 13.*
*Thaitin sé go mór leo.*


**A**


**B**



**C**


**D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? | C | **10 marc**

**30** **<u>Iomlán = 30 marc</u>**

**(20)CEIST 2** Éist leis an taifeadadh agus líon an fhoirm seo i n**Gaeilge**. **(20 marc)**

***Máire Ní Riain*** *is ainm dom.* ***Tá mé cúig bliana déag d'aois****.Tá mé i mo chónaí in uimhir* ***a Trí Bóthar an Choláiste, Corcaigh****.Is í an uimhir theileafóin atá agam ná* ***087-268526****.Is maith liom* ***galf agus leadóg.***



## CLUB ÓIGE COIS LIFE

## FOIRM IARRATAIS

**2 mharc**

SLOINNE:

| | |
|---|---|
| Ní Shé | ☐ |
| Ní Riain | √ |
| Ní Néill | ☐ |

AINM: **Máire / Máire Ní Riain** **2 mharc**

AOIS:

| | |
|---|---|
| 14 | ☐ |
| 16 | ☐ |
| 15 | √ |

**3 mharc**

SEOLADH: **A Trí (3) Bóthar an Choláiste, Corcaigh.** **4 mharc**

UIMHIR THEILEAFÓIN:

| | |
|---|---|
| 086 247062 | ☐ |
| 087 268526 | √ |
| 086 247662 | ☐ |

**3 mharc**



DO ROGHA SPÓRT:

| | | |
|---|---|---|
| Iománaíocht | ☐ | |
| Peil | ☐ | |
| Galf | √ | **3 mharc** |
| Leadóg | √ | **3 mharc** |
| Snámh | ☐ | |

**Iomlán = 20 marc**

**30 + 20 = 50**

## (40)CEIST 3 (40 marc)

Éist leis na comhráite seo agus freagair na ceisteanna **as Gaeilge** *nó* **as Béarla.**

### Comhrá a hAon:



**Máire:** *Dia duit, a Áine. Ní fhaca mé thú le tamall.*
**Áine**: *Bhí mé ar laethanta saoire sa Fhrainc, a Mháire.*
**Maire:** *Sa Fhrainc! Agus cá raibh tú ag fanacht?*
**Áine:** *Bhí mé ag fanacht in óstán deas.*
**Máire:** *Conas a bhí an aimsir?*
**Áine**: *Bhí an aimsir te agus grianmhar.*
**Maire**: *Cad iad na háiseanna a bhí san óstán*?
**Áine:** *Bhí seomra cluichí, linn snámha agus cúirt leadóige ann.*

1. Cá raibh Áine ar saoire?

| | | |
|---|---|---|
| Sa Fhrainc | √ | **2 mharc** |
| Sa Spáinn | | |
| I Sasana | | |

2. Cá raibh sí ag fanacht? *(In) óstán (deas)* **2 mharc**

3. Conas a bhí an aimsir? *Te agus grianmhar/ Te / Grianmhar* **3 mharc (= 2 +1)**

4. What facilities were available in the hotel complex?

(a) *Seomra cluichí* (b) *Linn snámha* (c) *Cúirt leadóige* **3 mharc (=1+1+1)**

**(10**

### Comhrá a Dó



**Seán**. *Haigh, a Thomáis. Cá bhfuil tú ag dul?*
**Tomás.** *Tá mé ag dul go dtí an cheolchoirm san R.D.S.*
**Seán.** *Cén t-am a thosóidh an cheolchoirm?*
**Tomás.** *Tosóidh sí ar a naoi a chlog.*
**Seán.** *Cé mhéad a chosain an ticéad?*
**Tomás.** *Chosain an ticéad €50.*
**Seán.** *Cá bhfuair tú an ticéad?*
***Tomás***. *Cheannaigh mo mhamaí an ticéad dom.*

1. Cá bhfuil Tomás ag dul? Go dtí *an cheolchoirm/ ceolchoirm* **3 mharc**

2. What time will the event start? **9.00** **2 mharc**

3. Cé mhéad a chosain an ticéad? €50 / caoga euro **2 mharc**

4. Cé a cheannaigh an ticéad do Thomás? *A mháthair / máthair / a mhamaí/ mamaí* **3 mharc**

***(10***

## Comhrá a Trí



**Bríd**. *Cá ndeachaigh tú aréir, a Úna?*
**Úna.** *Chuaigh mé go dtí an dioscó, a Bhríd.*
**Bríd.** *Cá raibh an dioscó ar siúl?*
**Úna.** *Bhí sé ar siúl sa Chlub Óige.*
**Bríd.** *Cé a chuaigh in éineacht leat?*
**Úna.** *Chuaigh mo chara Pól in éineacht liom.*
**Bríd**. *Conas a tháinig sibh abhaile?*
**Úna**. *Thángamar abhaile ar an mbus.*
**Bríd**. *Ar thaitin an dioscó leat?*
**Úna.** *Thaitin sé go mór liom. Bhí mé féin agus Pól ag damhsa ar feadh na hoíche.*


1. Cá ndeachaigh Úna aréir? Go dioscó / dioscó **2 mharc**

2. Cá raibh sé ar siúl? *sa Chlub Óige/Club óige (club + óige)* **3 mharc (=2+1)**

3. Who went with her? A cara PóL *( cara + Pól)* **3 mharc (=2 + 1)**

4. Conas a tháinig siad abhaile? *Ar an mbus / bus* **2 mharc**

**(10**



## Comhrá a Ceathair

**Pádraig.** *Rachaimid go dtí an bhialann, a Liam. Tá ocras orm.*
**Liam**. *Tá an bhialann seo go deas agus tá an bia an–saor.*
**Padraig.** *Cad a íosfaidh tú, a Liam?*
**Liam**. *Beidh burgar agus sceallóga agamsa. Cad fút féin?*
**Padraig.** *Beidh burgar agus sceallóga agamsa freisin. Cad a ólfaidh tú, a Liam*?
**Liam.** *Ólfaidh mé gloine oráiste. Cad a dhéanfaimid tráthnóna?*
**Padraig.** *Rachaimid go dtí an trá. Tá sé ró-the aon rud eile a dhéanamh.*
*Beidh sé go deas fionnuar ar an trá.*

1. Cá raibh Liam agus a chara? *Sa bhialann / bialann* **2 mharc**

2. Cad a d'ith siad? *Burgar* **agus** *sceallóga* **3 mharc (= 2+1)**

3. Cad a d'ól Liam? *Gloine oráiste /oráiste* **2 mharc**

4. Cá rachaidh siad tráthnóna?*Go dtí an trá /an trá / trá* **3 mharc**

**Iomlán = 40 marc**

# 50 + 40 = 90

# Roinn 2 – **Léamhthuiscint** [30 marc]

**(15)CEIST 4** (15 mharc)

Léigh an píosa seo agus freagair na ceisteanna **as Gaeilge** *nó* **as Béarla**.

## Ant agus Dec

**1.** Tá súilaithne ag lucht féachana na teilifíse ar Ant agus Dec. Ba iad a chuir na cláir *Pop Idol, Poker Face, Ant and Dec's Saturday Night Takeaway, Britain's Got Talent* agus go leor clár eile i láthair.

**2**. Ba é an chéad chlár teilifíse ar ghlac siad páirt ann ná *Byker Grove*, clár do pháistí. *PJ agus Duncan* na hainmneacha a bhí orthu sa chlár sin. Ina dhiaidh sin chaith siad tamall leis an gceol agus ba iad a chan an t-amhrán *We're on the Ball* do Chorn an Domhain sa sacar in 2002.

**3**. Ar 18 Samhain, 1975 a rugadh Ant (Anthony McPartlin) agus rugadh Dec (Declan Donnelly) ar 25 Meán Fómhair, 1975.

**4**. Is maith le hAnt agus Dec a bheith ag obair le chéile. Is cairde iad taobh amuigh den obair freisin. Is maith le mórán daoine iad mar bíonn siad gealgháireach agus dea-bhéasach i gcónaí.



**Gealgháireach agus dea-bhéasach**

1. Ainmnigh **dhá** chlár teilifíse a chuir Ant agus Dec i láthair. (**Alt 1**)

*Pop Idol, Poker Face,*
*Ant and Dec's Saturday Night Takeaway,*
*Britain's Got Talent* **Aon dá chlár** **4 mharc (= 2 + 2)**

2. Cén fáth ar chuir Ant agus Dec an t-amhrán *We're on the Ball* amach in 2002? (**Alt 2**)

**Mar bhí** *Corn an domhain* **ar siúl an bhliain sin.** **3 mharc**

3. Cathain a rugadh Ant agus cathain a rugadh Dec? (**Alt 3**)

**Ant:** *18 Samhain 1975* **Dec:***25 Meán Fómhair 1975* **4 mharc (= 2 +2)**

4. Cén fáth ar maith le mórán daoine Ant agus Dec? (**Alt 4**)

**Mar bíonn siad** *gealgháireach* **agus** *dea-bhéasach* **4 mharc) (= 2 + 2)**

<u>**Iomlán = 15 mharc**</u>

**90 + 15 = 105**

## (15) CEIST 5 15 mharc

Léigh an litir seo agus freagair na ceisteanna **as Gaeilge** nó **as Béarla.**

*Ráth Chairn,*
*Baile Átha Buí,*
*Co. na Mí.*
*12 Márta 2008*

*An Bainisteoir Ceoil,*
*Gael Linn,*
*35 Sráid an Dáma,*
*Baile Átha Cliath 2.*

*A chara,*

*Tá mé seacht mbliana déag d'aois. Is maith liom ceol agus damhsa. Táim ag freastal ar an scoil áitiúil.*

*Seol chugam, le do thoil, foirm iarratais do 'Siansa Ghael Linn 2008'.*

*Is mise le meas,*

*Nuala Ní Mháirtín .*

### Ceisteanna

1. What are Nuala's **two** favourite pastimes?

   Ceol **agus** *damhsa* **6 mharc (= 3 + 3)**

2. Cén seoladh atá ag Gael Linn?

   *35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2.* **3 mharc (= 2 +1)**

3. Cén aois í Nuala?

   *Seacht mbliana déag d'aois / seacht mbliana déag /17* **3 mharc**

4. What did Nuala ask Gael Linn to send to her?

   *Foirm iarratais do 'Siansa Ghael Linn 2008'.* **(***Foirm + Siansa***)** **3 mharc (= 2+1)**

**<u>Iomlán =15 mharc</u>**

105 +15 = 120

# Roinn 3 – **Scríobh na Teanga** [30 marc]

Le freagairt **as Gaeilge amháin.**
This section **must** be answered **in Irish**.

**(15) CEIST 6** 15 mharc

Bhí tú ag dioscó *nó* ag ceolchoirm.
Scríobh cuntas **i nGaeilge** faoin dioscó *nó* faoin gceolchoirm.
Write **in Irish** about a disco *or* a concert that you attended.
Scríobh rud éigin faoi na pointí seo i do chuntas:



- An lá agus an t-am
- An áit
- Rud éigin a tharla
- Na ticéid



**Ábhar = 4 phointe eolais = 2 mharc x 4 = 8 marc**

**Gaeilge = 7 marc**

**Á = 8**

**G = 7**

**<u>Iomlán =15 mharc</u>**

**120 + 15 = 135**

## (15) CEIST 7 15 mharc

Tá tú ar saoire sa Spáinn.

Scríobh cárta poist **i nGaeilge** chuig cara leat ag insint dó/di faoin tsaoire.

Scríobh rud éigin faoi:



- An áit
- An aimsir
- An bia
- Cé atá in éineacht leat
- Conas a chaitheann sibh an lá

**Ábhar = 8 marc**

**Ainm agus Sloinne = 1**
**Seoladh = 1**
**3 phointe eolais = 6 = 2 mharc x 3**

**Gaeilge = 7 marc**

**Á = 8**
**G = 7**
**Iomlán = 15 mharc**



125 + 15 = 150

# Roinn 4 – **Taighde** [50 marc]

**This section may be answered in Irish *or* in English.**

1. Name a topic you researched as part of **Gaeilge Chumarsáideach**.

**6 mharc = 0** *nó* **3** *nó* **6**

______________________________________________________________

**6 mharc**

2. **Where** did you get your information?

**(a) 4 mharc + (b) 4 mharc + (c) 4 mharc = 4 x 3 = 12**
**Pointe lom gan aon fhorbairt = 2 mharc**

(a) ______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**4 mharc**

(b) ______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**4 mharc**


(c) ______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**4 mharc**




**18**

3. What did you learn **about the topic you researched?**

**(a) 8 marc + (b) 8 marc + (c) 8 marc (d) 8 marc = 8 x 4 =** **32 mharc**
**Pointe lom gan aon fhorbairt= 4 mharc**

(a) ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8 marc**

(b) ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8 marc**

(c) ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8 marc**

(d) ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8 marc**
**<u>32</u>**

**<u>Iomlán = 50 marc</u>**







**150 + 50 = 200**